

# Cairt Tacadóirí

## Ár nGealltanais Duitse

Mar charthanas a lorgaíonn síntiúis ón bpobal, is í is aidhm ag Gael Linn an Ráiteas de Threoirphrionsabail um Thiomsú Airgid a chomhlíonadh. Tugaimid an gealltanais seo daoibhse, ár dtacadóirí.

### Mar thacadóir le Gael Linn tá tú i dteideal na nithe seo a leanas:

- admháil oifigiúil mar dhearbhu pras ar do shíntiúis;
- eolas ar imeachtaí agus ar thionscail Gael linn;
- rúndacht – ní roinnfidh Gael Linn do chuid sonraí le heagraíochtaí eile;
- rogha agat an mian leat comhfhreagras breise a fháil ó Gael Linn sa todhcháil.

### Dearbhaítear duit go mbeidh Gael Linn tiomanta do -

- gach iarracht a dhéanamh an Ráiteas de Threoirphrionsabail um Thiomsú Airgid a chomhlíonadh;
- phlé lenár síntiúisóirí uile le meas, le macántacht agus le hoscailteacht;
- bheith cuntasach agus trédhearcach sa chaoi is gur féidir le síntiúisóirí agus le hábhar síntiúisóirí bheith lánmhuineach as Gael Linn;
- ghealltanais a thabhairt go n-úsáidí bhur síntiúis i gceart do na cuspóirí beartaithe.

### Geallann Gael Linn freisin daoibhse, ár síntiúisóirí agus ábhar síntiúisóirí:

- go gcuirfear ar an eolas sibh maidir le misean na heagraíochta agus leis an gcaoi ina bhfuil sé beartaithe na síntiúis a úsáid;
- go gcuirfear ar an eolas sibh maidir leo siúd i gcomhaltas Bhord Stiúrtha na heagraíochta agus go gcomhlíonfaidh an Bord na dualgais i leith a chuid freagrachtaí maoirseachta go stuama;
- go mbeidh rochtain ar na ráitis airgeadais is déanaí de chuid na heagraíochta;
- gur féidir libh bheith cinnte go n-úsáidí bhur síntiúis do na cuspóirí sin ar tugadh iad ar a son;
- go mbeidh sé éasca teacht ar na gnáis aontaithe maidir le gearáin a dhéanamh agus freagairt dóibh;
- go dtabharfar freagraí atá pras, fírinneach agus díreach ar aon cheisteanna a bheadh agaibh faoin eagraíocht.

### **Cad atá le déanamh má bhíonn aischothú agat?**

Má bhíonn aon ní le rá agat maidir lenár gcuid oibre, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le Gael Linn i scríbhinn nó ar an teileafón. Sa chéad áit déileálfaidh an Príomhfheidhmeannach le do thuairim. Tabhair dúinn, le do thoil, an oiread eolais agus is féidir, chomh maith le sonraí teagmhála ábhartha agus abair linn cé mar ba mhaith leat go bhfreagróimis do ghearán.

Scríobh chuig:

#### **An Príomhfheidhmeannach**

**Gael Linn**

**35 Sráid an Dáma**

**Baile Átha Cliath 2**

Teil: **01 6751200**

Ríomhphost: [eolas@gael-linn.ie](mailto:eolas@gael-linn.ie)

Bíonn ár n-oifig ar oscailt cúig lá sa tseachtain idir 9.00 am agus 5.00 pm, ach dúnta ó 1.00 pm go 2.00 pm gach lá. Le haghaidh a thuilleadh eolais féach [www.gael-linn.ie](http://www.gael-linn.ie).

Buíochas as do thacaíocht.